

BIM

# Pacáiste eolais d'iarrthóirí

Oifigeach Teicniúil Dobharshaothraithe
(Innealtóir Grád III)

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:
6 Nollaig 2024



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí..

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

### Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

### Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

### Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



## Cuntas ar an Ról

| | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Oifigeach Teicniúil Dobharshaothraithe (Innealtóir Grád III) |
| Conradh: | Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte |
| Áit: | Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, nó aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha Bhord Iascaigh Mhara (Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair hibrideach freisin) |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Bainisteoir: Bainisteoir Teicniúil Dobharshaothraithe, Stiúrthóir: Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla Bia Mara |
| Grúpa Seirbhíse: | Seirbhísí Teicniúla Bia Mara (STS) |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Tá cúig chuid in aonad gnó STS; Caomhnú Iascaigh, Dobharshaothrú Teicniúil, Inbhuanaitheacht & Deimhniúchán, Forbairt Réigiúnach Thuaidh agus Forbairt Réigiúnach Theas. Tá na foirne bunaithe go príomha ar bhonn réigiúnach agus clúdaíonn siad cósta iomlán na hÉireann. Tá obair na gcúig fhoireann STS a éagsúla agus a ilghnéithí le tionscal Bia Mara na hÉireann féin, a chlúdaíonn idir iascaigh ar scála beag, iasc eite, sliogéisc agus dobharshaothrú feamainne, trealamh roghnach iascaireachta, an comhshaol, laghdú plaisteach agus éifeachtúlacht próiseála. |

## Achoimre ar an Ról

Is ról lárnach dírithe ar chliaint é ról an Oifigigh Theicniúil Dobharshaothraithe atá freagrach as caidreamh láidir a fhorbairt agus a chothabháil leis an earnáil dobharshaothraithe chomh maith le hinstitiúidí taighde, soláthraithe agus gníomhaireachtaí stáit eile. Agus é ina bhall den fhoireann theicniúil, feidhmeoidh sé mar nasc idir an dobharshaothrú agus BIM. Cinnteoidh an tOifigeach Teicniúil Dobharshaothraithe go bhfuil BIM ar an eolas faoi aon saincheist nó tionscnamh san earnáil ionas gur féidir le BIM leanúint ar aghaidh ag cur tacaíochta agus seirbhísí ábhartha ar fáil don tionscal agus go bhfuil na tionscadail a mholtar ina phlean oibre bliantúil ag teacht le riachtanais a chliant. Beidh ar an Oifigeach Teicniúil Dobharshaothraithe a chinntiú freisin go gcuirfear an earnáil ar an eolas faoi aon scéim tacaíochta cúnaimh deontais ábhartha, oiliúint agus aon seirbhís ábhartha eile a thairgeann BIM don tionscal.

Is é a bheidh i gceist leis an ról freisin cláir an Chiste Eorpaigh Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) a fhorbairt agus a chur chun feidhme d'fhonn iomaíochas na hearnála a fheabhsú trí chostais a laghdú agus táirgeacht a fheabhsú agus inbhuanaitheacht a choinneáil nó a fheabhsú ag an am céanna. Cabhróidh an tOifigeach Teicniúil Dobharshaothraithe le cleachtais inbhuanaithe dobharshaothraithe a fhorbairt agus a chur chun cinn agus beidh ról gníomhach aige maidir le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na hearnála a chinntiú. Beidh an t-oifigeach freagrach as ceardlanna, cruinnithe agus imeachtaí eile a sceidealú chun líonrú agus malartú eolais a chur chun cinn agus clár EMFAF agus a thorthaí a chur chun cinn ag an am céanna.



## Cúlra leis an Riachtanas

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí go hinbhuanaithe. D'fhás dobharshaothrú in Éirinn ó thionscal baile sna 1980í go táirgeoir mór bia mara náisiúnta agus slándála bia sa lá atá inniu ann.

An rud is tábhachtaí i dtaca le pobail tuaithe agus cósta atá sláintiúil agus bríomhar a chothabháil is ea deiseanna fostaíochta a bheith ar fáil atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair agus an chomhshaoil de. Tá ról lárnach ag BIM agus ag an bhfoireann theicniúil dobharshaothraithe sa mhéid sin de bhrí go gcuirtear cabhair, eolas agus tacaíochtaí airgeadais ar fáil don earnáil a ligeann dóibh feirmeoireacht inbhuanaithe a dhéanamh, gnólachtaí láidre a fhorbairt agus teicneolaíochtaí agus cleachtais feirmeoireachta nua a lorg, a fhorbairt agus a imlonnú i gcomhréir le cuspóirí Náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh.

Beidh an tOifigeach Teicniúil Dobharshaothraithe ina phríomhphointe teagmhála le haghaidh an rannáin feamainne de Thionscal Dobharshaothraithe na hÉireann agus beidh sé freagrach as cláir theicniúla BIM a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don rannán sin. Beidh an tOifigeach freagrach freisin as cúnamh a thabhairt do bhaill eile den Fhoireann Theicniúil Dobharshaothraithe tionscadail a chur ar fáil le haghaidh rannáin eile den tionscal sliogéisc agus dobharshaothraithe éisc eite.

## Freagrachtaí

- Tionscadail theicniúla arna maoiniú ag EMFAF a leagan amach agus a bhainistiú a rachaidh chun tairbhe don rannán dobharshaothraithe feamainne.
- Obair i gcomhar le baill eile den Fhoireann Theicniúil Dobharshaothraithe chun tionscadail a sholáthar le haghaidh gach deighleoige den tionscal dobharshaothraithe, agus béim ar leith á leagan ar fheamainn, rud a mbeidh obair sa timpeallacht mhuirí agus fionnuisce i gceist leis.
- Feidhmiú ina chéad phointe teagmhála d'aon fhiosrúchán maidir le rannán an dobharshaothraithe feamainne.
- Eolas agus treoir a chur ar fáil do thionscal an dobharshaothraithe feamainne chun oibríochtaí a fheabhsú, agus chun iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht a mhéadú.
- Cúnamh a chur ar fáil do bhaill eile den Fhoireann Theicniúil Dobharshaothraithe chun tionscadail a chur ar fáil le haghaidh rannáin eile den tionscal dobharshaothraithe.
- Aon tionscnaimh atá faoi stiúir an Rialtais nó na hEorpa a chur i bhfeidhm de réir mar is gá.
- Grúpaí páirtithe leasmhara tionscail a éascú de réir mar is gá.
- Seirbhísí ábhartha BIM a chur chun cinn le haghaidh na hearnála feamainne agus na hearnála níos leithne.
- Aon dualgais ghaolmhara eile a chomhlíonadh atá ag teastáil agus a iarraidh.



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Céim 3ú leibhéal i réimse ábhair ábhartha (Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí).
- Trí bliana ar a laghad ag obair in earnáil muirí ábhartha.
- Oideachas go dtí an tríú leibhéal i réimse ábhair ábhartha.
- Taithí bainistithe tionscadail.
- Ceadúnas tiomána iomlán agus rochtain ar d'fheithicil féin.
- Scileanna eagrúcháin, riaracháin, idirphearsanta agus cumarsáide.
- An cumas oibriú go cianda agus go neamhspleách.
- An cumas oibriú ar muir.
- Eolas ar chórais dobharshaothraithe.
- An cumas caidreamh láidir inmheánach agus seachtrach a chothú.
- Dea-bhainistiú ama agus an cumas spriocdhátaí a chur in ord tosaíochta agus iad a chomhlíonadh.
- An cumas a bheith ag obair gan mhaoirseacht agus mar chuid d'fhoireann.
- Scileanna maithe uimhearthachta.
- Scileanna maithe cumarsáid scríofa agus labhartha.

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Teastais ar láimhsiú bád agus sábháilteacht ar muir.
- Taithí/eolas ar an earnáil dobharshaothraithe.



## Tréithe pearsanta  atá de dhíth don phost

- Scileanna maithe eagrúcháin phearsanta agus socraithe tosaíochtaí, agus an cumas iliomad tosaíochtaí a bhainistiú.
- Fianaise ar oibriú le comhpháirtithe éagsúla chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna comhroinnte a bhaint amach.
- In ann oibriú go neamhspleách chomh maith le hoibriú go héifeachtach ar fhoireann agus a bheith tionscantach agus cruthaitheach.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, agus an cumas idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúrtha.

## Teagmhálaithe

| | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | • Gach ball foirne in Aonad Gnó STS<br>• Gach ball foirne in Aonad Gnó na Seirbhísí Forbartha Scileanna<br>• An phríomhfhoireann in Aonad Gnó na hÉagsúlachta agus an Ionchuimsithe agus sna hAonaid Ghnó BIM eile<br>• An Fhoireann Fáiltithe laistigh de BIM |
| Lasmuigh de BIM | • Oibritheoirí dobharshaothraithe<br>• Oibreoirí dobharshaothraithe eile de réir mar is gá<br>• Páirtithe leasmhara agus comhlachtaí seachtracha san earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe<br>• An Roinn Talmaíochta Bia Mara agus Rannóg na nGníomhaireachtaí agus na gClár Mara de chuid na Roinne Talmhaíochta Bia Mara<br>• MI, SFPA, Údarás na Gaeltachta, Institiúidí 3ú Leibhéal, FSAI, CIL, MSO, Comhairlí Contae, EPA<br>• Comhlachtaí Rialála seachtracha ábhartha eile<br>• Soláthróirí agus conraitheoirí ábhartha thionscal an dobharshaothraithe<br>• Eagraíochtaí neamhrialtasacha. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal

Tá an luach saothair de réir Scála Tuarastail faofa ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR) le haghaidh Innealtóir Grád III a bhfuil raon tuarastail €38,083 go €77,284 leis (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2024) in aghaidh na bliana ar bhonn pro rata leis an am a oibríodh.Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t- iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t- iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil

Is é 25 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



## An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

jobs@bim.ie

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

**6 Nollaig 2024**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Innealtóir Grád III agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

## Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

*Is fostóir comhdheiseanna é BIM, agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agus chothrom ag gach iarrthóir earcaíochta, mar is féidir a sholáthar le réasún. Má theastaíonn aon tacaíocht nó cóiríocht uait mar chuid den phróiseas earcaíochta, déan teagmháil linn go díreach ag HRinbox@bim.ie.*